RÚN (AE) 2023/1948 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 10 Bealtaine 2023

ina bhfuil barúlacha atá in gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach – CBE JU (roimh an 30 Samhain 2021 an Comhghnóthas Tionscail Bhithbhunaithe) don bhliain airgeadais 2021

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach don bhliain airgeadais 2021,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0093/2023),

A. de bhrí gur bunaíodh an Comhghnóthas Tionscail Bhithbhunaithe ('Comhghnóthas BBI') i mí na Bealtaine 2014 faoin gclár Fís 2020 don tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2024 ([1]); de bhrí gur bunaíodh an Comhghnóthas um Eoraip Bhithbhunaithe Chiorclach ('Comhghnóthas CBE') i mí na Samhna 2021 le Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle ([2]) chun teacht in ionad an Chomhghnóthais Tionscail Bhithbhunaithe, faoin gclár Fís Eorpach don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2031;

B. de bhrí gurb í aidhm ghinearálta na gcomhghnóthas faoin gclár Fís Eorpach a bheith dírithe níos mó ar chuspóirí agus comhpháirtíochtaí níos uaillmhianaí a bheith acu leis na hearnálacha den tionscal a bhaineann leo le hais mar a bhí sna cláir roimhe seo;

C. de bhrí gur maoiníodh Comhghnóthas CBE faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021–2027 agus é mar aidhm aige na geallsealbhóirí ábhartha uile a thabhairt le chéile agus rannchuidiú leis an Aontas a bhunú mar phríomhghníomhaí sa taighde, trí rannpháirtíocht agus tiomantas na gcomhpháirtithe i ndearadh agus i gcur chun feidhme cláir gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a bhfuil breisluach Eorpach ag baint leo;

D. de bhrí, faoi chláir CAI le haghaidh taighde agus nuálaíochta, go bhfuil pearsantacht dhlítheanach ar leithligh ag comhghnóthais agus go nglacann siad a gclár oibre taighde agus nuálaíochta féin ina réimse straitéiseach taighde, agus go gcuireann siad an clár oibre sin chun feidhme trí ghlaonna ar thograí nó trí chonarthaí soláthair;

E. de bhrí gurb iad cuspóirí ginearálta Chomhghnóthas CBE dlús a chur leis an bpróiseas nuálaíochta agus le forbairt réiteach nuálach bithbhunaithe, dlús a chur le chur in úsáid na réiteach aibí agus nuálach bithbhunaithe atá ann cheana ar an margadh agus ardleibhéal feidhmíochta comhshaoil maidir le córais thionsclaíocha bhithbhunaithe a áirithiú;

F. de bhrí, chun fad an chláir Fís Eorpach a chur san áireamh, go seolfar glaonna ar thograí faoi Chomhghnóthas CBE faoin 31 Nollaig 2027; de bhrí, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, go ndéanfaí glaonna ar thograí a sheoladh faoin 31 Nollaig 2028;

G. de bhrí gurb iad an tAontas, a ndéanann an Coimisiún ionadaíocht thar a cheann, agus comhpháirtithe tionsclaíocha, a ndéanann Cuibhreannas na dTionscal Bithbhunaithe ('BIC') ionadaíocht thar a gceann, comhaltaí bunaidh Chomhghnóthas CBE;

H. de bhrí gurb ionann ranníocaíocht airgeadais an Aontais le Comhghnóthas CBE, lena n-áirítear leithreasuithe LEE, agus suas le EUR 1 bhilliún (a bhfuil suas le EUR 23,5 milliún de le haghaidh costais riaracháin); de bhrí go ndéanfaidh comhaltaí Chomhghnóthas CBE, seachas an tAontas ranníocaíocht iomlán nó go socróidh siad go ndéanfaidh a gcomheintitis nó a n-eintitis chleamhnaithe ranníocaíocht iomlán EUR 1 bhilliún ar a laghad, lena n-áirítear suas le EUR 23,5 milliún le haghaidh costais riaracháin, thar an tréimhse 10 mbliana;

([1]) IO L 169, 7.6.2014, lch. 130.

([2]) Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014 (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17).

Ginearálta

1. Á chur in iúl gur geal léi go gcinntear sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí (an 'Chúirt') maidir le cuntais bhliantúla Chomhghnóthas CBE ('tuarascáil ón gCúirt') go gcuirtear i láthair go cothrom i gcuntais bhliantúla 2021, ar gach slí ábhartha, staid airgeadais Chomhghnóthas CBE an 31 Nollaig 2021, torthaí a chuid oibríochtaí, a shreafaí airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain a tháinig chun deiridh ansin, i gcomhréir le rialacha airgeadais Chomhghnóthas CBE agus le rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leis na cuntais dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha;

2. Á aithint go mbeartaítear le Fís Eorpach spriocanna uaillmhianacha don chomhghnóthas, ar spriocanna iad nach féidir a bhaint amach ach amháin má dhéantar réitigh éifeachtacha a dhearadh agus a chur chun feidhme lena dtugtar aghaidh ar na laigí i gcórais rialaithe inmheánaigh agus lena n-ullmhaítear do na dúshláin a bheidh ann amach anseo a eascróidh as freagrachtaí méadaithe, amhail i réimse na bainistíochta agus na pleanála acmhainní daonna; á chur i bhfios, sa chomhthéacs sin, gur riosca suntasach earráide atá i ríomhanna agus ceanglais tuairiscithe atá an-chasta agus a bhfuil ualach mór ag baint leo agus á iarraidh, dá bhrí sin, go bhféachfaí ar na féidearthachtaí atá ann simpliú a dhéanamh nuair is féidir agus ar bhealach atá comhoiriúnach leis an gcreat dlíthiúil atá ann cheana;

3. Ag tabhairt dá haire nach bhfuil aon sainmhíniú comhchuibhithe ar 'costais riaracháin' i measc na gcomhghnóthas, ar bonn é chun ranníocaíochtaí airgeadais a gcomhaltaí a ríomh agus ar réamhchoinníoll é chun na costais sin a dhéanamh inchomparáide; á iarraidh, agus an méid sin á chur san áireamh, go nglacfaí treoirlínte comhchoiteanna le haghaidh gach comhghnóthais chun cur chuige comhchuibhithe a ghlacadh maidir le haicmiú catagóirí áirithe caiteachais riaracháin, amhail caiteachas ar chomhairliúcháin, staidéir, anailísí, meastóireachtaí, agus cúnamh teicniúil;

Bainistíocht buiséid agus airgeadais

4. Ag tabhairt dá haire, i mí na Nollag 2020, gur ghlac an bord rialaithe buiséad 2021 do Chomhghnóthas CBE don mhéid foriomlán (buiséad glactha agus athghníomhachtú) EUR 5 215 066 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 174 626 895 i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus nach raibh aon leasú ann;

5. Ag tabhairt dá haire gur oth léi, de réir na tuarascála ón gCúirt, nach raibh an ráta cur chun feidhme do bhuiséad íocaíochtaí 2021 Chomhghnóthas CBE a bhí ar fáil do thionscadail Fís 2020 ach 71 %, mar gheall ar thosca seachtracha amhail paindéim COVID-19, chomh maith le deireadh gan choinne a bheith curtha le tionscadal mór Fís 2020 tar éis don phríomhthairbhí dul i bhféimheacht in 2021;

6. Ag tabhairt dá haire, thairis sin, go raibh barrachas den bhuiséad nár úsáideadh ó bhlianta roimhe sin (2018, 2019 agus 2020) san áireamh i mbuiséad Chomhghnóthas BBI a bhí ann roimhe sin, lenar áiríodh EUR 600 000 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas riaracháin agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí riaracháin agus EUR 46 881 709 i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí oibríochtúla; ag tabhairt dá haire freisin go ndearnadh na leithreasuithe athghníomhachtaithe a thomhailt ar bhonn tosaíochta i gcomhréir le rialacha airgeadais Chomhghnóthas CBE, agus gur shroich siad beagnach 100 % i gcás na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas riaracháin, 84 % i gcás na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí riaracháin agus 79 % i gcás na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí oibríochtúla faoi dheireadh na bliana;

7. Ag tabhairt dá haire, ag deireadh 2021, gur ranníoc an tAontas EUR 728,228 milliún agus gur ranníoc an ghrúpáil tionscail EUR 52,239 milliún i gcomhchineál bailíochtaithe, EUR 14,559 milliún in airgead tirim i leith costais riaracháin agus EUR 3,250 milliún in airgead tirim i leith costais oibríochtúla;

8. Ag tabhairt dá haire, a mhéid a bhaineann le hoibleagáidí oibríochtúla Chomhghnóthas CBE ag deireadh 2021, go raibh beagnach EUR 815,8 milliún de ranníocaíocht uasta an Aontais geallta go hiomlán ag Comhghnóthas CBE le haghaidh comhaontuithe deontais faoi Fís 2020 a síníodh; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go bhfuil thart ar EUR 159,6 milliún (nó 19,6 %) fós le híoc sna blianta amach romhainn; ag tabhairt dá haire, ar an taobh eile, go raibh gealltanas dlíthiúil tugtha ag comhaltaí príobháideacha ranníocaíochtaí comhchineáil agus airgeadais arb ionann iad agus EUR 266,5 milliún nó 56 % den sprioc tháscach EUR 475,3 milliún a sholáthar, ar sprioc í a leagtar síos sna cláir oibre bliantúla atá glactha ag Comhghnóthas CBE; ag tabhairt dá haire, áfach, ós rud é go raibh gach glao Fís 2020 dúnta ag deireadh 2020, nach mbainfidh Comhghnóthas CBE an sprioc tháscach amach dá chomhaltaí príobháideacha faoi dheireadh thréimhse an chláir;

9. Ag tabhairt dá haire gurbh ionann ráta cur chun feidhme le haghaidh íocaíochtaí Chomhghnóthas CBE a bhí ar fáil do thionscadail Fís 2020 agus 71 %, mar thoradh ar fhionraithe agus faduithe ar thionscadail Fís 2020 le déanaí a raibh gá leo mar gheall ar phaindéim COVID-19, chomh maith le deireadh a bheith curtha le tionscadal mór Fís 2020 tar éis don phríomhthairbhí dul i bhféimheacht in 2021; ag tabhairt dá haire nach raibh aon leithreasú faoi chomhair gealltanas oibríochtúil ag Comhghnóthas CBE in 2021 toisc go raibh an glao deiridh ar thograí curtha i gcrích aige faoi dheireadh 2020;

10. Ag tabhairt dá haire, ag deireadh 2021, gur thuairiscigh comhaltaí an tionscail ranníocaíochtaí comhchineáil iomlána le gníomhaíochtaí breise arb ionann iad agus EUR 1 646,5 milliún nó 74 % den sprioc EUR 2 225,4 milliún; ag cur sonrú, áfach, sa bharúil ón gCúirt maidir le neamhchonclúid an phróisis deimhniúcháin do EUR 715,6 milliún nó 43 % den mhéid tuairiscithe; ag cur sonrú sa ghníomhaíocht a rinne bord rialaithe Chomhghnóthas CBE d'fhonn a áirithiú go mbainfear amach an sprioc faoi dheireadh an chláir, trí EUR 658 milliún breise d'infheistíochtaí ó chomhaltaí an tionscail i ngníomhaíochtaí 2022 a fhormheas i mí Feabhra 2022, ar gníomhaíochtaí iad a bhfuil dlúthbhaint acu le cuspóirí straitéiseacha Chomhghnóthas CBE; ag tabhairt dá haire, dá bhrí sin, go bhféadfadh an gealltanas sin ó na comhaltaí príobháideacha an baol a mhaolú nach mbainfidh Comhghnóthas CBE amach an sprioc maidir le ranníocaíochtaí comhchineáil le haghaidh gníomhaíochtaí breise faoi dheireadh an chláir Fís 2020;

11. Ag tabhairt dá haire, tar éis na barúla ón gCúirt in 2020 maidir leis an easpa sonraí le haghaidh na ranníocaíochtaí comhchineáil bailíochtaithe, trí fhoilseachán na tuarascála bliantúla ar ghníomhaíochtaí 2021, gur éirigh le BIC líon mór deimhnithe a sholáthar lena gcumhdaítear ranníocaíochtaí comhchineáil ó chomheintitis BIC le gníomhaíochtaí breise ó 2020 den chuid is mó, ach ó 2019 agus 2018 freisin, ar cuireadh moill ar a soláthar le linn phaindéim COVID-19;

12. Á thabhairt chun suntais, maidir leis an riosca a shainaithin an Chúirt in 2020 i ndáil le clár oibre taighde agus nuálaíochta Chomhghnóthas CBE a bhaint amach don chlár Fís 2020, go ndeimhnítear leis na héachtaí oibríochtúla a tuairiscíodh sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí 2021 gur éirigh le Comhghnóthas CBE a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach, d'ainneoin an laghdaithe ar ranníocaíochtaí in airgead tirim ó chomhaltaí Chomhghnóthas CBE (an Coimisiún agus BIC araon); á chur in iúl gur geal léi, go háirithe, gur tugadh 41 thionscadal chun críche i measc na mbuaicphointí oibríochtúla a tuairiscíodh le haghaidh 2021, agus gur baineadh amach na heochairtháscairí feidhmíochta (KPInna) uile a bhí nasctha le feidhmíocht an tionscadail; á chur in iúl, thairis sin, gur mór aici go léirítear leis na torthaí a bhfuiltear ag súil leo arna dtuairisciú ag tionscadail leanúnacha go sáróidh na KPInna deiridh na spriocanna a leagtar síos sa 'Chlár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht: Tionscail Bhithbhunaithe ar mhaithe le Forbairt agus Fás san Eoraip' go suntasach, inar sainaithníodh na gníomhaíochtaí taighde, taisealbhaidh agus cur in úsáid atá le déanamh ag Comhghnóthas CBE faoi chuimsiú an chláir Fís 2020;

13. Ag tabhairt dá haire go leanann Comhghnóthas CBE de thuairisciú a dhéanamh ina thuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí 2021 ar luachanna iarbhír na ranníocaíochtaí comhchineáil airgeadais arna soláthar ag BIC, nó ag a chomheintitis, chun na spriocanna a bhunaítear i Rialachán (AE) Uimh. 560/2014 ón gComhairle ([3]) a bhaint amach agus gur shroich leibhéal foriomlán na ranníocaíochtaí comhchineáil agus airgeadais 70 % den luach ionchais deiridh EUR 2,73 billiún cheana féin agus go bhfuil sé ar an mbóthar ceart chun an cuspóir deiridh sin a bhaint amach faoi 2024;

Feidhmíocht

14. Ag tabhairt dá haire gur chuir an Stiúrthóir Feidhmiúcháin tosaíochtaí agus cuspóirí 2021 Chomhghnóthas CBE faoi bhráid an bhoird rialaithe den chéad uair le linn an chruinnithe a bhí aige an 17 Meitheamh 2020, sular cuireadh leagan críochnaitheach i láthair agus sular pléadh iad an 7 Deireadh Fómhair 2020; ag tabhairt dá haire gur áiríodh na tosaíochtaí ansin i bplean oibre bliantúil 2021 mar chuspóirí do 2021, arb é is aidhm dóibh an phunann tionscadal a chomhdhlúthú agus na caighdeáin cháilíochta a choinneáil chun buaicthréimhse an ualaigh oibre a sheasamh ag an am céanna; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur áirithíodh aistriú rianúil ó Chomhghnóthas BBI chuig Comhghnóthas CBE nua faoin gClár Réime Fís Eorpach;

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 560/2014 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas Tionscail Bhithbhunaithe (IO L 169, 7.6.2014, lch. 130).

15. Ag tabhairt dá haire nach raibh aon ghlao oscailte ar thograí ann in 2021 agus gur cuireadh an glao deireanach chun feidhme in 2020, agus gur lean Comhghnóthas CBE de bhainistiú a dhéanamh ar a phunann tionscadal a raibh síniú 18 gcomhaontú deontais mar thoradh air, rud a d'fhág go raibh 142 thionscadal i bpunann Chomhghnóthas CBE (71 ghníomhaíocht taighde agus nuálaíochta, 39 ngníomhaíocht taisealbhaidh, 14 thionscnamh suaitheanta agus 18 ngníomhaíocht chomhordúcháin agus tacaíochta) a raibh 96 díobh fós ar siúl ag deireadh 2021 agus 46 díobh tugtha chun críche;

16. Ag tabhairt dá haire, in 2021, go ndearna conraitheoir seachtrach staidéar tiomnaithe ([4]) chun torthaí KPInna ó 32 thionscadal Chomhghnóthas BBI a bhailíochtú, ar tionscadail iad a tugadh chun críche faoi mhí Iúil 2020, agus chun measúnú foriomlán a sholáthar ar phunann tionscadal Chomhghnóthas BBI; á tabhairt dá haire go ndearnadh anailís sa chleachtadh bailíochtaithe ar thorthaí agus ar thionchair thuairiscithe KPInna i gcoinne na fianaise a soláthraíodh i ndoiciméadacht an tionscadail, lena n-áirítear an tuarascáil thréimhsiúil, na táirgí insoláthartha agus na tuarascálacha athbhreithnithe a rinne saineolaithe neamhspleácha; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur forbraíodh scór bailíochtaithe chun a léiriú a mhéid a thacaigh fianaise le torthaí KPI a tuairiscíodh;

17. Á chur i bhfios go sroicheann formhór na sonraí bailíochtaithe (thart ar 90 %) scór 1 nó scór 2 (scóir bhailíochtaithe: 1, 2, 3) lena léirítear go ndéanann an creat eochairtháscairí feidhmíochta a socraíodh do Chomhghnóthas BBI torthaí agus tionchair an chláir a thomhas go fóinteach;

18. Ag tabhairt dá haire gurb iad na tionscnaimh shuaitheanta agus gníomhaíochtaí taisealbhaidh ardfhorbartha na tionscadail is mó a rannchuidíonn leis na tionchair shocheacnamaíocha amhail cruthú post, forbairt tuaithe agus tairbhí do tháirgeoirí príomhúla, mar aon leis an tionchar réigiúnach agus áitiúil agus leis na tionchair ar mhargaí agus ar thionscal; ag tabhairt dá haire go bhfágann leibhéal aibíochta teicneolaíochta na dtionscadal sin gur féidir na teicneolaíochtaí a chur in úsáid ar mórscála réamhthionsclaíoch, ina mbíonn gníomhaithe ón slabhra luacha ar fad rannpháirteach, ó sholáthróirí bunábhair áitiúla go húsáideoirí deiridh agus údaráis áitiúla;

19. Ag tabhairt dá haire go bhfuil laghdú ar thionchar na bpróiseas tionsclaíoch agus na dtáirgí tionsclaíocha ar an gcomhshaol ar cheann de phríomhchuspóirí Chomhghnóthas CBE; ag tabhairt dá haire gur rannchuidiú tábhachtach le maolú ar an athrú aeráide é laghdú astaíochtaí CO_2 agus gás ceaptha teasa eile arna dtuairisciú ag 65 % de thionscadail Chomhghnóthas CBE; ag tabhairt dá haire go dtuairiscíonn 29 % de na tionscadail úsáid/athchúrsáil CO_2 a scaoiltear ó oibríochtaí bithbhunaithe, rud a chomhfhreagraíonn do laghdú a dhéanamh ar a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha;

20. Á chur in iúl gur geal léi, in 2021, gur leanadh d'fheidhmíocht éifeachtúil Chomhghnóthas CBE i bpríomhoibríochtaí i leith eochairtháscairí feidhmíochta an chláir Fís 2020 ar a ndéantar faireachán ar Chomhghnóthas CBE, lena ndeimhnítear na treochtaí dearfacha a tugadh faoi deara sna blianta roimhe seo: baineadh amach sprioc am chun faisnéis a thabhairt (TTI) d'iarratasóirí ar ghlao 2020 i mí Eanáir 2021, thóg sé 137 lá in aghaidh sprioc 153 lá (100 % in am); b'ionann am chun deontas a thabhairt (TTG) le haghaidh tograí faoi ghlao 2020 a coinníodh agus 236 lá ar an meán in aghaidh sprioc 245 lá agus síníodh na comhaontuithe deontais uile in am (100 % in am); b'ionann am chun leasú a dhéanamh (TTA) agus 9 lá in aghaidh sprioc 45 lá (100 % in am); b'ionann am chun íocaíocht a dhéanamh (TTP) le haghaidh réamh-mhaoiniú i dtaca le tograí ó ghlao 2020 a coinníodh agus 9,5 lá ar an meán in aghaidh sprioc 30 lá (100 % in am) agus b'ionann é le haghaidh íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíochtaí deiridh agus 66 lá ar an meán in aghaidh sprioc 90 lá (100 % in am);

21. Ag tabhairt dá haire, tar éis barúil a thabhairt i nós imeachta urscaoilte 2020 maidir le cearta maoine intleachtúla, go gcomhfhreagraíonn na comhaontuithe deontais arna síniú ag Comhghnóthas CBE don tsamhail-chomhaontú deontais arna eisiúint ag an gCoimisiún chun buiséad an Aontais a chur chun feidhme agus gan aon diallas i mbainistiú na gceart maoine intleachtúla; ag tabhairt dá haire, thairis sin, a mhéid a bhaineann le cearta maoine intleachtúla agus foilsiú torthaí, go bhfuil úinéireacht thorthaí an tionscadail fós faoi rialú na dtairbhithe, agus nach mór dóibh oibleagáidí sonracha maidir leis an eolaíocht oscailte agus rochtain ar thorthaí taighde a chomhlíonadh i gcomhréir le roinn 3 ('Cearta agus oibleagáidí a bhaineann le cúlra agus torthaí') de shamhail-chomhaontú deontais Fís 2020;

([4]) https://www.bbi.europa.eu/sites/default/files/executive-summary-bbi-ju-portfolio-kpi.pdf

Soláthar, foireann agus nósanna imeachta earcaíochta

22. Ag tabhairt dá haire, faoi dheireadh 2021, go raibh 22 bhall foirne ag clároifig Chomhghnóthas CBE agus gur seoladh ceithre nós imeachta earcaíochta in 2021, as ar earcaíodh oifigeach tionscadail amháin (gníomhaire ar conradh), cúntóir feidhmiúcháin um chaidreamh le geallsealbhóirí amháin (gníomhaire sealadach), cúntóir cumarsáide amháin (gníomhaire sealadach) agus cúntóir airgeadais amháin (gníomhaire ar conradh); ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, chun gur féidir buaicthréimhse an ualaigh oibre a sheasamh, gur thug Comhghnóthas CBE i gcrích – tríd an gcreatchonradh ón gCoimisiún maidir le seirbhísí eatramhacha – roinnt conarthaí gearrthéarmacha do sheirbhísí eatramhacha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha chlároifig Chomhghnóthas CBE, faoi mar a rinne sé in 2020;

23. Ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go raibh meánráta bliantúil na foirne eatramhaí fós ard, arbh ionann é agus 19 % den fhoireann reachtúil; á mheabhrú gur gnách méadú suntasach ar ráta athraithe foirne Chomhghnóthas CBE a bheith mar thoradh ar chóimheas ard na foirne conarthaí agus go ndéanann sé an staid foirne a dhíchobhsú tuilleadh; ag cur béim ar an bhfíoras, thairis sin, gur cheart fós gur réiteach sealadach a bheadh san úsáid a bhaintear as foireann eatramhach ós rud é go bhféadfadh sé tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht Chomhghnóthas CBE ina hiomláine, amhail coimeád na bpríomhinniúlachtaí, bealaí neamhshoiléire cuntasachta, díospóidí féideartha breithiúnacha agus éifeachtúlacht foirne níos ísle; á mheabhrú gur cheart do Chomhghnóthas CBE samhail nó treoraíocht fhoirmiúil a fhorbairt faoin gcaoi le riachtanais foirne (lena n-áirítear inniúlachtaí bunriachtanacha) a mheas, agus é mar chuspóir leis sin an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní foirne;

24. Ag tabhairt dá haire, ar bhonn na tuarascála bliantúla ar ghníomhaíochtaí 2021, go bhfuil an chothromaíocht inscne leormhaith, arb ionann mná agus 64 % ar leibhéal na clároifige, 46 % i ngrúpa ionadaithe na Stát (lena n-áirítear comhaltaí malartacha), agus 57 % sna coistí eolaíocha; ag moladh do Chomhghnóthas CBE an chothromaíocht inscne a choinneáil agus tuilleadh feabhais a chur uirthi;

25. Á aithint, de réir a thuarascála bliantúla ar ghníomhaíochtaí, go bhfuil méadú tagtha ar líon na mban ar an mbord rialaithe ó 20 % sa bhliain roimhe sin go 30 % faoi dheireadh 2021; ag moladh do Chomhghnóthas CBE iarrachtaí breise a dhéanamh chun an chothromaíocht inscne a bhaint amach ar an mbord rialaithe;

26. Ag tabhairt dá haire nach ndearna na comhghnóthais cuid de ranníocaíochtaí na bhfostóirí d'fhoireann na gcomhghnóthas a íoc le scéim pinsin an Aontais ó 2016 i leith, ar ranníocaíochtaí iad a chomhfhreagraíonn do chóimheas a n-ioncam fóirdheonaithe tríú tír agus a n-ioncam iomlán, ós rud é nach ndearna an Coimisiún foráil don chaiteachas sin i mbuiséad an chomhghnóthais ná nár iarr sé na híocaíochtaí go foirmiúil; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta a dhéanamh chun fadhbanna comhchosúla a sheachaint amach anseo;

27. Ag tabhairt dá haire, in 2021, go raibh Comhghnóthas CBE chun tosaigh le ceithre chomhghnóthas eile i gcur chun feidhme uirlis SYSTAL, uirlis ríomh-earcaíochta arna dearadh ag Oracle agus atá in úsáid cheana féin ag roinnt gníomhaireachtaí díláraithe, agus gur úsáid Comhghnóthas CBE an uirlis den chéad uair i mí Mheán Fómhair 2021 nuair a foilsíodh post amháin;

28. Ag tabhairt dá haire, in 2021, chun a áirithiú go bhfuil na baill foirne inniúil ina róil agus gur féidir leo déileáil leis an timpeallacht oibre dian, gur fhorbair feidhm na n-acmhainní daonna creat foghlama agus forbartha, agus cuspóirí bliantúla Chomhghnóthas CBE á gcur san áireamh; ag tabhairt dá haire, mar gheall ar phaindéim COVID-19, gur eagraíodh gach gníomhaíocht foghlama ar líne;

29. Ag tabhairt dá haire, tar éis barúil a thabhairt i nós imeachta urscaoilte 2020 maidir le soláthar, gur chuir Comhghnóthas CBE gach beart is féidir chun feidhme chun an iomaíocht is leithne ina nósanna imeachta soláthair a áirithiú agus i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, go n-úsáideann Comhghnóthas CBE ríomhthairiscint chun a fhógraí soláthair phoiblí a fhoilsiú agus go bhfuil na ceanglais aontachais uile curtha chun feidhme aige maidir le réitigh ríomhsholáthair (amhail ríomhaighneacht), a bhfuil sé beartaithe iad a chomhtháthú go hiomlán sa chóras sin faoi dheireadh 2022;

30. Á aithint, tar éis barúil a thabhairt i nós imeachta urscaoilte 2020 maidir le heaspa struchtúir tacaíochta chun folláine shíceolaíoch na foirne a áirithiú, gur chuir Comhghnóthas CBE sraith imeachtaí ar bun chun tacú leis an bhfoireann agus iad ag déileáil leis na dúshláin a d'eascair as an bpaindéim agus gur bunaíodh dea-chleachtais agus rialacha oibre órga agus straitéis na heagraíochta maidir le 'Filleadh ar an Oifig' á hullmhú faoi chuimsiú bealaí nua oibre;

Rialuithe inmheánacha agus iniúchadh inmheánach

31. Ag tabhairt dá haire go bhfuil creat rialaithe inmheánaigh Chomhghnóthas CBE bunaithe ar 17 bprionsabal rialaithe, go bhfuil sé ailínithe le creat rialaithe an Choimisiúin agus go bhfuil sé i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2020;

32. Ag tabhairt dá haire go ndeimhnítear le torthaí mheasúnú rialaithe inmheánaigh 2021 go bhfuil córas rialaithe Chomhghnóthas CBE ann agus ag feidhmiú cé go bhfuil gá le roinnt feabhsuithe; ag tabhairt dá haire, ar an iomlán, go n-oibríonn gach comhpháirt rialaithe inmheánaigh le chéile ar bhealach comhtháite, go bhfuil an córas i gcomhréir leis an gcreat rialaithe inmheánaigh, go bhfuil sé ag obair ar leibhéal inghlactha éifeachtachta, agus go gceadaítear leis rialú leordhóthanach ar rioscaí chun cuspóirí rialaithe a bhaint amach;

33. Ag tabhairt dá haire, i gcás íocaíochtaí Fís 2020, gurb í comhsheirbhís iniúchóireachta Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta de chuid an Choimisiúin atá freagrach as an iniúchadh *ex post*; ag tabhairt dá haire, bunaithe ar na torthaí iniúchóireachta *ex post* a bhí ar fáil faoi dheireadh 2021, gur thuairiscigh Comhghnóthas CBE go raibh ráta earráide ionadaíoch 1,9 % agus ráta earráidí iarmharacha 1,2 % do thionscadail Fís 2020 (imréitigh agus íocaíochtaí deiridh); ag tabhairt dá haire, áfach, gur cheart déileáil go cúramach leis na rátaí earráide a léirítear thuas toisc nach bhfuil na rátaí earráide ionadaíoch go hiomlán ar an gcaiteachas atá faoi rialú ós rud é nach bhfuil na torthaí iniúchóireachta uile ar fáil go fóill;

34. Á chur in iúl gur mór aici, mar a bhí in 2020, go bhfuil fianaise ann go raibh tionchar dearfach ag na simplithe a tugadh isteach le Fís 2020, agus ag an taithí a fuair na príomhthairbhithe de réir a chéile, ar líon agus ar leibhéal na n-earráidí; ag tabhairt dá haire, áfach, go ndéanann tairbhithe earráidí fós, de ghnáth mar gheall ar easpa tuisceana nó neamh-urraim do na rialacha;

35. Ag cur béim ar an bhfíoras gur deimhníodh earráidí sistéamacha leanúnacha i dtorthaí ón gCúirt maidir le costais phearsanra dhearbhaithe agus, go háirithe, go bhfuil fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus tairbhithe nua i mbaol níos mó earráidí ná tairbhithe eile; á thabhairt chun suntais gur tuairiscítear na hearráidí sin go rialta sna tuarascálacha bliantúla ón gCúirt ó 2017 i leith; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, gur réamhchoinníoll é cuíchóiriú a dhéanamh ar rialacha Fís 2020 maidir le costais phearsanra a dhearbhú agus úsáid níos leithne a bhaint as roghanna costais simplithe chun rátaí earráide a chobhsú faoi bhun an leibhéil ábharthachta; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart do Chomhghnóthas CBE a chórais rialaithe inmheánaigh a neartú chun aghaidh a thabhairt ar an riosca méadaithe i dtaca le FBManna agus tairbhithe nua agus a mholadh go láidir do chatagóirí áirithe tairbhithe a bhfuil baol níos mó earráidí ag baint leo, amhail FBManna agus tairbhithe nua, úsáid a bhaint as Draoi na gCostas Pearsanra; á chur in iúl gur geal léi gur thosaigh na comhghnóthais uile in 2022 ar ghníomhaíochtaí le haghaidh laghduithe ar an ráta earráide a chur chun feidhme i gcomhréir leis an ngníomhaíocht a mhol an Chúirt, lena n-áirítear féachaint ar na roghanna maidir le foirmeacha simplithe costas amhail costais aonaid, cnapshuimeanna agus rátaí comhréidhe;

36. Ag tabhairt dá haire, chun measúnú a dhéanamh ar na rialuithe ar íocaíochtaí oibríochtúla Chomhghnóthas CBE, go ndearna an Chúirt iniúchadh ar íocaíochtaí Fís 2020, arna sampláil go randamach, a rinneadh in 2021, ar leibhéal na dtairbhithe deiridh, chun comhthacú leis na rátaí earráide iniúchóireachta *ex post* ([5]); ag tabhairt dá haire, i gcás amháin, gur aimsigh an Chúirt earráid a bhain leis na costais dhíreacha phearsanra a dearbhaíodh do dhuine nach raibh fostaithe ag an tairbhí, ná nach raibh ar conradh go díreach don tionscadal agus go ndearna sí cainníochtú uirthi;

([5]) Maidir leis na hidirbhearta íocaíochta deontais a tástáladh ar leibhéal na dtairbhithe, is é 1 % de na costais iniúchta an tairseach tuairiscithe d'earráidí inchainníochtaithe.

37. Ag tabhairt dá haire, tar éis barúil a thabhairt i nós imeachta urscaoilte 2020 maidir leis an gcinneadh ón gCúirt go bhfuil earráidí sistéamacha leanúnacha i gcostais phearsanra arna ndearbhú ag tairbhithe agus ós rud é gur tuairiscíodh na hearráidí sin go rialta freisin le linn iniúchtaí *ex post* na comhsheirbhíse iniúchóireachta, go leanann Comhghnóthas CBE de bheith ag obair go gníomhach chun feabhas a chur ar a straitéisí rialaithe caiteachais agus gur ghlac sé páirt i ngníomhaíochtaí comhpháirteacha sa chomhthéacs sin trí rialachas Fís 2020 agus Fís Eorpach agus trí dhíriú freisin ar chatagóirí dea-shainaitheanta de thairbhithe chistí an Aontais;

Coinbhleacht leasa agus rioscaí calaoise a bhainistiú agus a chosc

38. Ag tabhairt dá haire, ag deireadh 2021, gur sainaithníodh 11 riosca ar an iomlán agus go ndearnadh cur síos orthu sa chlár riosca le leibhéil éagsúla tábhachta, cóineasaithe agus idirspleáchais; á chur i bhfios gur deimhníodh treocht na mblianta roimhe sin sa mheasúnú riosca a rinneadh in 2021 agus gur maolaíodh nó gur laghdaíodh roinnt rioscaí breise le héifeachtacht mhéadaithe na rialuithe inmheánacha chomh maith le taithí a fuarthas sna príomhghníomhaíochtaí, amhail pleanáil deontais, próisis agus córais Fís 2020;

39. Á chur in iúl gur geal léi, maidir le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a bhainistiú, go bhfuil sraith chuimsitheach rialacha agus nósanna imeachta forbartha ag clároifig Chomhghnóthas CBE a chuirtear chun feidhme go héifeachtach ar fud a struchtúir rialachais iomláin agus gur cuireadh bearta sonracha chun feidhme chun coinbhleachtaí leasa na saineolaithe atá i gceannas ar an athbhreithniú ar thionscadail agus ar thairiscintí a chosc agus a bhainistiú;

40. Á thabhairt chun suntais, le linn 2021, go n-oibríodh na córais rialaithe sin go héifeachtach, agus nach gá aon rud a thuairisciú a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an dearbhú réasúnach atá le soláthar ag an oifigeach údarúcháin;

41. Ag tabhairt dá haire, tar éis barúil a thabhairt i nós imeachta urscaoilte 2020, go dtugann Comhghnóthas CBE, ina thuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí 2021, tuarascáil don údarás um urscaoileadh maidir le bainistiú rioscaí calaoise agus á dhearbhú gur lean Comhghnóthas CBE de na moltaí a rinneadh sna blianta roimhe sin a chur chun feidhme agus de thuairisciú don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) maidir leo;

42. Ag tabhairt dá haire, tar éis barúil a thabhairt i nós imeachta urscaoilte 2020, go bhfoilsítear dearbhú leasanna chomhaltaí an bhoird rialaithe ar shuíomh gréasáin oifigiúil Chomhghnóthas CBE agus go n-áirítear leo faisnéis ábhartha maidir le gníomhaíochtaí gairmiúla na gcomhaltaí, ar gníomhaíochtaí iad a raibh baint ag na comhaltaí leo roimhe seo agus a bhfuil baint acu leo faoi láthair;

43. Ag tabhairt dá haire, tar éis barúil a thabhairt i nós imeachta urscaoilte 2020, go bhfuil roinnt beartas agus cúrsaí oiliúna curtha chun feidhme ag Comhghnóthas CBE chun dul i ngleic le ciapadh agus calaois, chun coinbhleachtaí leasa a chosc agus chun sceithirí a chosaint; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go bhfuil na beartais eiticiúla leabaithe i sraith leathan gníomhaíochtaí agus sásraí bainistithe riosca a ndéantar faireachán leanúnach ar a n-éifeachtacht leis na feidhmeanna cuntasacha atá sainaitheanta go maith i struchtúr rialachais Chomhghnóthas CBE agus go ndéanann an tseirbhís um iniúchóireacht inmheánach agus an Chúirt tástáil rialta ar gach córas rialaithe ábhartha mar sholáthraithe dearbhaithe; ag tabhairt dá haire go bhfuil tuairisciú rialta á dhéanamh ag Comhghnóthas CBE ina thuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí maidir leis na sásraí bainistithe riosca sin agus go háirithe, maidir le cásanna féideartha a bhaineann le ciapadh, le coinbhleachtaí leasa agus le himeachtaí calaoiseacha a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le forchoimeádais sa ráiteas bliantúil dearbhaithe a ghabhann leo arna sholáthar ag Stiúrthóir Feidhmiúcháin Chomhghnóthas CBE; ag tabhairt dá haire nach n-áirítear sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí 2021 Chomhghnóthas CBE tuairisciú ar thorthaí agus conclúidí a bhféadfadh forchoimeádas a bheith mar thoradh orthu sna réimsí sin.